**2012. M130T**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2012

# Matamaitic
# (Tionscadal Mata – Céim 1)

## Páipéar 2

## Ardleibhéal

## Dé Luain 11 Meitheamh     Maidin 9:30 – 12:00

300 marc

| Scrúduimhir |
| --- |
| |

| Stampa an Ionaid |
| --- |
| |

| Iomlán reatha | |
| --- | --- |

| Don scrúdaitheoir | |
| --- | --- |
| Ceist | Marc |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| Iomlán | |
| Bónas | |
| Móriomlán | |

| Grád |
| --- |
| |

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn A | Coincheapa agus Scileanna | 150 marc | 6 cheist |
| Roinn B | Comhthéacsanna agus Feidhmeanna | 150 marc | 2 cheist |

Freagair **na hocht gceist go léir**, mar seo a leanas:

I Roinn A, freagair:

Ceist 1 go dtí Ceist 5 agus

Ceist 6A **nó** Ceist 6B.

I Roinn B, freagair Ceist 7 agus Ceist 8.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Caillfidh tú marcanna mura ndéanfaidh tú é sin. Tá spás d'obair bhreise ag cúl an leabhráin. Is féidir páipéar breise a iarraidh ar an bhfeitheoir freisin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus an chuid den cheist.

Tabharfaidh an feitheoir cóip den leabhrán *Foirmlí agus Táblaí* duit. Caithfidh tú é a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe. Níl cead agat do chóip féin a thabhairt isteach sa scrúdú.

Caillfear marcanna mura dtaispeántar go soiléir an obair riachtanach go léir.

Sna freagraí ba chóir go gcuirfí isteach na haonaid tomhais chuí, áit a bhfuil siad ábhartha.

Ba chóir freagraí a thabhairt san fhoirm is simplí, áit a bhfuil sé sin ábhartha.

Scríobh déanamh agus múnla d'áireamhá(i)n anseo:

## Roinn A — Coincheapa agus Scileanna — 150 marc

Freagair **na sé cheist go léir** as an roinn seo.

**Ceist 1** **(25 marc)**

**(a)** Agus comhordanáidí stuaiceanna an cheathairshleasáin *ABCD* tugtha duit, déan cur síos ar **thrí** shlí dhifriúla chun a fháil amach, agus teicníochtaí na céimseatan comhordanáidí á n-úsáid agat, cé acu an comhthreomharán é an ceathairshleasán nó nach ea.

modh 1:

modh 2:

modh 3:

**(b)** Bain úsáid as ceann **amháin** de na modhanna a luaigh tú agus faigh amach an comhthreomharán é an ceathairshleasán a bhfuil na stuaiceanna (–4, –2), (21, –5), (8, 7) agus (–17, 10) aige.

| lch | iom. reatha |
|---|---|
| | |

**Ceist 2** **(25 marc)**

Is iad na cothromóidí atá ag dhá chiorcal ná:

$$c_1 : x^2 + y^2 - 6x - 10y + 29 = 0$$

$$c_2 : x^2 + y^2 - 2x - 2y - 43 = 0$$

**(a)** Scríobh síos lárphointe agus fad gha gach ciorcail díobh.

lárphointe $c_1$: __________________

fad gha $c_1$: _____________

lárphointe $c_2$: __________________

fad gha $c_2$: _____________

**(b)** Cruthaigh go bhfuil na ciorcail ag teagmháil lena chéile.

**(c)** Fíoraigh gurb é (4, 7) an pointe atá i gcomhpháirt acu.


**(d)** Faigh cothromóid an chomhthadhlaí.

| lch | iom. reatha |
| --- | --- |
| | |

**Ceist 3** **(25 marc)**

Is tadhlaithe leis an gciorcal a thaispeántar sa léaráid an *x*-ais, an *y*-ais, an líne $x + y = 2$ agus an líne $x + y = 2k$ , áit a bhfuil $k > 1$ .

Faigh luach *k*.



**Ceist 4** **(25 marc)**

Scórálann imreoir áirithe cispheile 60% de na hiarrachtaí saorchaithimh a thriaileann sí.
Le linn cluiche áirithe, faigheann sí sé iarracht saorchaithimh.

**(a)** Cén bonn tuisceana (nó cad iad na boinn tuisceana) is gá a bheith ann chun go bhféachfaí air seo mar sheicheamh de thrialacha Bernoulli?

**(b)** Bunaithe ar bho(i)nn tuisceana mar seo, faigh, ceart go dtí trí ionad dheachúlacha, an dóchúlacht:

**(i)** go scórálfaidh sí ceithre huaire díreach as na sé iarracht atá aici

**(ii)** go scórálfaidh sí den dara huair ar an gcúigiú hiarracht.

| lch | iom. reatha |
|---|---|
| | |

**Ceist 5** **(25 marc)**




Táirgeann comhlacht ceallraí d'áireamháin. Ba chóir go mbeadh trastomhas 20 mm sna ceallraí. Is é an lamháltas ná 0·25 mm. Diúltaítear ceallra ar bith atá lasmuigh den lamháltas seo. Glac leis gurb é seo an t-aon chúis amháin chun na ceallraí a dhiúltú.

**(a)** Tá inneall ag an gcomhlacht a tháirgeann ceallraí ina bhfuil trastomhais a dháiltear go normalach le meán 20 mm agus le diall caighdeánach 0·1 mm. As gach 10 000 ceallra a tháirgeann an t-inneall seo, cé mhéad ceallra, ar an meán, a dhiúltaítear?


**(b)** Sleamhnaíonn socrúchán ar an inneall, agus dá bharr sin méadaítear meán-trastomhas na gceallraí go dtí 20·05 mm, agus fanann an diall caighdeánach mar a bhí, gan athrú. Faigh an méadú céatadánach ar ráta diúltaithe na gceallraí as an inneall seo.

## Ceist 6 **(25 marc)**

Freagair 6A **nó** 6B.

**Ceist 6A**


**(a)** **(i)** Má thugtar duit na pointí $B$ agus $C$ thíos, tóg, gan uillinntomhas ná dronbhacart a úsáid, pointe $A$ sa tslí go mbeidh $|\angle ABC| = 60°$ .




**(ii)** Uaidh sin, tóg uillinn 15° ar an léaráid chéanna thuas gan ach compás agus corr dhíreach a úsáid.

**(b)** Sa léaráid, is línte comhthreomhara iad $l_1, l_2, l_3,$ agus $l_4$ a ghearrann idirlínte atá ar comhfhad ar an trasnaí $k$. Tá $FG$ comhthreomhar le $k$, agus $HG$ comhthreomhar le $ED$.

Cruthaigh go bhfuil na triantáin $\Delta CDE$ agus $\Delta FGH$ iomchuí.




*Tá spás chun leanúint le do chuid oibre ar an gcéad leathanach eile.*


| lch | iom. reatha |
|---|---|
| | |

**NÓ**

**Ceist 6B**

Tá lárphointe $O$ ag inchiorcal an triantáin $ABC$ agus déanann sé teagmháil leis na sleasa ag $P$, $Q$ agus $R$, mar a thaispeántar.

Cruthaigh go bhfuil $|\angle PQR| = \frac{1}{2}\left(|\angle CAB| + |\angle CBA|\right)$.



| lch | iom. reatha |
|---|---|
| | |


## Roinn B — Comhthéacsanna agus Feidhmeanna — 150 marc


Freagair Ceist 7 agus Ceist 8.

**Ceist 7** **(75 marc)**

Chun áit chónaithe a cheannach, faigheann daoine iasachtaí ar a dtugtar *morgáistí* de ghnáth. Má tharlaíonn nach ndéantar ceann de na haisíocaíochtaí in am, deirtear go bhfuil an morgáiste *i riaráiste*. Slí amháin chun smaoineamh ar a oiread deacrachta atá ag iasachtaithe lena gcuid morgáistí i dtír ar bith ná féachaint ar chéatadán na morgáistí go léir atá i riaráiste ar feadh 90 lá nó níos mó. Sa chuid eile den cheist seo, ciallaíonn an téarma *i riaráiste* go bhfuil siad i riaráiste ar feadh 90 lá nó níos mó.

Tógadh an dá chairt thíos as tuarascáil faoi mhorgáistí in Éirinn. Tá sé i gceist go léireodh na cairteanna an ceangal, más ann dó, idir céatadán na morgáistí atá i riaráiste agus na rátaí úis a ghearrtar ar mhorgáistí. Seasann gach ponc ar na cairteacha do ghrúpa daoine a bhfuil ráta úis áirithe á íoc acu le hiasachtóir áirithe. Is é an ráta riaráiste ná an céatadán atá i riaráiste.




(Foinse: Goggin et al. *Praghsáil Rátaí Athraitheacha Morgáistí in Éirinn*, Banc Ceannais na hÉireann, 2012)

**(a)** Agus tú ag féachaint go cúramach do na scálaí sna cairteacha, cad is féidir leat a rá faoin athrú ó Mheán Fómhair 2009 go dtí Meán Fómhair 2011:

**(i)** maidir leis na rátaí riaráiste?

**(ii)** maidir leis na rátaí úis atá á n-íoc?

**(iii)** maidir leis an gcoibhneas idir an ráta riaráiste agus an ráta úis?

**(b)** Cén t-eolas breise a bheadh uait sula bhféadfá meastachán a thabhairt ar an ráta úis airmheánach atá á íoc ag sealbhóirí morgáiste i Meán Fómhair 2011?

**(c)** Maidir leis an gcoibhneas idir an ráta riaráiste agus an ráta úis i Meán Fómhair 2011, luann údair na tuarascála: "Tá treo na cúisíochta … tábhachtach" agus téann siad ar aghaidh chun é sin a phlé.

Mínigh cad is brí le "treo na cúisíochta" sa chomhthéacs seo.

| lch | iom. reatha |
|---|---|
| | |

**(d)** Deirtear go bhfuil réadmhaoin "i gcothromas diúltach" má tá níos mó le híoc ar an morgáiste ná mar is fiú an réadmhaoin. I dtuarascáil faoi réadmhaoin atá faoi mhorgáiste in Éirinn i Nollaig 2010, tá an t-eolas seo a leanas:

- Den 475 136 réadmhaoin a scrúdaíodh, bhí 145 414 díobh i gcothromas diúltach.
- De na cinn a bhí i gcothromas diúltach, bhí 11 644 díobh i riaráiste.
- Bhí 317 355 réadmhaoin ann nach raibh i riaráiste ná i gcothromas diúltach.

**(i)** Cad é an dóchúlacht go mbeidh réadmhaoin a roghnaítear go randamach (astu sin go léir a scrúdaíodh), i gcothromas diúltach?
Bíodh do fhreagra ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.

**(ii)** Cad é an dóchúlacht go mbeidh réadmhaoin a roghnaítear go randamach astu sin go léir atá i gcothromas diúltach, i riaráiste freisin?
Bíodh do fhreagra ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.

**(iii)** Faigh an dóchúlacht go mbeidh réadmhaoin a roghnaítear go randamach astu sin go léir atá i riaráiste, i gcothromas diúltach freisin.
Bíodh do fhreagra ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.


**(e)** Bhí an staidéar a luaitear i gcuid **(d)** chomh mór sin gur féidir glacadh leis go seasann sé don daonra. Cuir i gcás, go luath in 2012, go dteastaíonn ó thaighdeoirí a fháil amach an bhfuil athrú tagtha ar chomhréir na réadmhaoin atá i gcothromas diúltach. Déanann siad anailís ar 2000 réadmhaoin atá faoi mhorgáiste agus a roghnaítear go randamach. Faigheann siad amach go bhfuil 552 díobh i gcothromas diúltach. Bain úsáid as tástáil hipitéise ag an leibhéal suntasachta 5% chun a fháil amach an bhfuil go leor fianaise ann chun a dhéanamh amach go bhfuil athrú ar chúrsaí ó bhí Nollaig 2010 ann.

Bí cinnte de go luann tú an hipitéis nialasach go soiléir agus go luann tú go soiléir cad a dhéanann tú amach sa deireadh.

| lch | iom. reatha |
| --- | --- |
| | |

**Ceist 8** **(75 marc)**

Sa léaráid léirítear géag róbait ar féidir léi gluaiseacht ar phlána ceartingearach. Tá an pointe $P$ fosaithe mar atá fad an dá dheighleog den ghéag.
Is féidir leis an duine atá á rialú na huillinneacha $\alpha$ agus $\beta$ a athrú ó 0° go dtí 180°.




**(a)** Má thugtar go bhfuil $|PQ| = 20$ cm agus $|QR| = 12$ cm, aimsigh luachanna na n-uillinneacha $\alpha$ agus $\beta$ sa tslí go mbeidh rinn na láimhe, $R$, lonnaithe ag pointe atá 24 cm ar dheis ó $P$, agus 7 cm níos airde ná $P$. Bíodh do fhreagraí ceart go dtí an chéim is gaire.


**(b)** Agus an ghéag á lonnú san ionad a bhfuil cur síos déanta air i gcuid **(a)**, cé acu a chruthóidh an earráid is mó i dtaca le suíomh $R$: earráid $1°$ i luach $\alpha$ nó earráid $1°$ i luach $\beta$?

Cosain do fhreagra. Is féidir leat glacadh leis má ghluaiseann pointe feadh ciorcail trí uillinn bheag, go mbeidh a fhad óna phointe tosaithe cothrom le fad an stua a thaistealaítear.

**(c)** Braitheann an freagra ar chuid **(b)** thuas ar an ionad áirithe sin ina bhfuil an ghéag. Is é sin, in ionaid áirithe, go mbíonn suíomh $R$ níos íogaire maidir le hearráidí beaga in $\alpha$ ná maidir le hearráidí beaga in $\beta$, ach go mbíonn a mhalairt fíor in ionaid eile. Déan cur síos ar na coinníollacha faoina dtarlaíonn gach ceann den dá staid sin agus cosain do fhreagra.

| lch | iom. reatha |
|---|---|
| | |

**(d)** Léirigh tacar na suíomh uile ina bhféadfadh an pointe $R$ a bheith ar an léaráid chomhordanáideach thíos. Tóg $P$ mar an bunphointe agus glac leis go seasann gach aonad sa léaráid do cheintiméadar i ndáiríre. Tabhair faoi deara nach féidir le $\alpha$ agus $\beta$ athrú ach amháin ó 0° go dtí 180°.



Bain úsáid as an leathanach seo le haghaidh obair bhreise.

| lch | iom. reatha |
|---|---|
| | |

An Ardteistiméireacht, 2012 – Ardleibhéal

# Matamaitic (Tionscadal Mata – Céim 1) – Páipéar 2

Dé Luain 11 Meitheamh
Maidin 9:30 – 12:00